

Osclaíodh an cruinniú agus glacadh na buanorduithe. Glacadh leis na cainteoirí seachtracha.

Rinne an oifig inbhuanaitheachta cur i láthair. Cuireadh ceist inar tugadh faoi deara tiomantas na hOllscoile do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), agus inar fiafraíodh conas a thagann sé sin leis an Ollscoil diúltú íosráta pá a íoc le mic léinn PhD, i bhfianaise an SDG i gcoinne bochtaineachta.

Cuireadh ceist faoi inbhuanaitheacht fhuinneamh na hollscoile.

Cuireadh ceist maidir le tionchar comhshaoil na hintleachta saorga. Tugadh faoi deara an gá atá le beartas Ollscoile maidir le hIntleacht Saorga.

D'fhiosraigh an tOifigeach Leasa agus Comhionannais faoi níos mó pointí athluchtaithe do ghluaisteáin leictreacha a bheith ann agus an mbainfeadh a leithéid sin de pháirceáil do ghluaisteáin eile.

Rinne Uachtarán AMLÉ, Bryan O'Mahony cur i láthair. Leag sé béim ar Pink Training agus ar a shuirbhé maidir leis an gcearrbhachas. Rinneadh plé ar an ESU, mar aon le plé faoi dhíchoiriúlú na hoibre gnéis.

Cuireadh ceist faoi mhiontuairiscí don Chomhairle Náisiúnta, agus míníodh go bhfuil suíomh gréasáin AMLÉ á nuashonrú. Cuireadh ceist faoi stipinn PhD.

Tugadh agus glacadh le tuarascálacha na n-oifigeach. Fiafraíodh den Uachtarán an raibh ceist Technion á hardú leis an Uachtarán agus míníodh go raibh. Cuireadh ceist faoi Eagarthóir SIN ar an Uachtarán agus míníodh go bhfógrófaí an tEagarthóir nua go luath. Cuireadh ceist faoin limistéar faoin droichead don choláiste thar thréimhse na Nollag agus d'fhreagair an tOifigeach Leasa agus Comhionannais ag tabhairt le fios go bhfuil pleananna ann chun rioscaí a mhaolú. Fiafraíodh den Oifigeach Oideachais an ndeachthas i gcomhairle leis maidir le seachtainí léitheoireachta a chur ar ceal. D'fhreagair sé nach ndeachthas i gcomhairle leis féin, ná le haon duine i gComhaltas na Mac Léinn, agus go bhfuil sé ag obair ar iad a thabhairt ar ais. Cuireadh ceist ar an Leas-Uachtarán don Ghaeilge faoin bhfáth nach bhfuil seirbhísí trí Gaeilge ar fáil in Sult, agus míníodh nach bhfuil dóthain baill foirne le Gaeilge ann, ach go bhfuil sí ag obair air.

Ritheadh Rún maidir le Leasú ar an mBunreacht

Diúltaíodh an Rún maidir le Vótáil ag Comhairle, tar éis diúltú 9B

Ritheadh Rún maidir le IRP

Cuireadh Rún maidir le Síneadh an Ghilitín ar ais chuig an bhFeidhmeannacht de thoradh 4D

Thit an gilitín, agus cuireadh deireadh leis an gcruinniú dá réir.